

Straitéis Infheistíochta 2.0 Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann

I dtreo 2040 - infheistíocht ar bhonn tráchtála agus
tionchar suntasach aici

Foilsithe 1 Feabhra 2019

*Ag smaoineamh ar na blianta amach
romhainn agus difríocht a dhéanamh*



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn
Ireland Strategic Investment Fund

Achoimre Fheidhmeach



Is é mandáid CISÉ infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach a thacaíonn le gníomhaíocht eacnamaíoch agus le fostaíocht in Éirinn

- Níor tháinig aon athrú ar mhandáid “na bunlíne dúbailte” de chuid CISÉ - Toradh Tráchtála agus Tionchar Eacnamaíoch
- Comhinfeistíocht a ghairáil
- Comhpháirtí solúbtha, fadtéarmach, ceannasach infheistíochta
- Is infheisteoir tráchtála é CISÉ agus táthar ag súil go bhfaighfear an chéad infheistíocht chomh maith le toradh ar ais, tá sé seo go hiomlán difriúil ó chaiteachas an Rialtais a laghdaíonn acmhainní an Rialtais



CISÉ 2.0¹ mar infheisteoir straitéiseach

- “Ag smaoineamh ar na blianta amach romhainn agus difríocht a dhéanamh”
- Díriú ar Théamaí Tosaíochta (Forbairt réigiúnach, Tithíocht, Gnólachtaí Dúchasacha², Athrú Aeráide, Brexit)³
- Fophunann an Chiste Nascactha agus roinnt solúbthachta i dtaca le roinnt deiseanna eile ar leibhéal náisiúnta
- Straitéis ina dtugtar aird ar pholasaithe Rialtais



CISÉ 2.0- Clár Infheistíochta Dírithe

- €3 bhilliún infheistithe thar 5 bliana
 - Réigiúnach: réigiúin agus gnólachtaí réigiúnacha a chumasú, béim ar bhia agus ar an talmhaíocht
 - Tithíocht: tithíocht mhórmhargaidh a sholáthar ach talamh, foirgneamh ar díol agus cíos fadtéarmach a dhíghlasáil
 - Gnólachtaí dúchasacha: caipiteal othair chun dul go dtí leibhéal idirnáisiúnta
 - An t-athrú aeráide: infheistíocht i leictreachas agus i dteas in-athnuaite, bia & talmhaíocht agus iompar, faoi réir réimis tacaíochta um margaí Stáit
 - **Brexit: tacú le héagsúlú fadtéarmach**

¹Tabhair faoi deara: Tagraíonn CISÉ 1.0 do straitéis tosaigh an Chiste ó bunaíodh i mí na Nollag 2014 é go dtí deireadh 2018. Tagraíonn CISÉ 2.0 don straitéis seo ó 2019 ar aghaidh.

²Is ionann gnólacht dúchasach agus gnólacht a lonnaitheann a chuid príomhghníomhaíochtaí agus saineolais in Éirinn agus a bhfuil cumhacht feidhmiúcháin ar an gcinnteoireacht i dtaca le gníomhaíochtaí laethúla an chomhlachta ag a bhainistíocht in Éirinn.

CISÉ 1.0 - spléachadh ar éachtaí



Tiomantais go dtí seo


€4.1 billiún

100 infheistíocht ar fud earnálacha éagsúla



Poist ar tacaíodh leo

30,000



Méid Iomlán an Tionscadail in Éirinn

€11.6 billiún

Díghlasálann €4.1bn de chuid CISÉ €7.5bn de chaipiteal tríú páirtí breise



Fostaíocht Réigiúnach

Tá 54%

de na poist a dtacaítear leo lasmuigh de Bhaile Átha Cliath



Torthaí ar Infheistíocht ó mhí na Nollag 2014

€0.6 billiún

+1.8% p.a. ón tús (2018 - 1.1%)



Ag freagairt do ghéarchéim na tithíochta

>2,000 aonad

curtha i gcrích faoi mhí na Nollag 2018

Achoimre ar Chlár Infheistíochta CISE 1.0 2015 - 2018

€4.1bn geallta ar fud réimse earnálacha, rud a dhíghlasálann tionscadail iomláine in Éirinn de luach €11.6bn

Eastát Réadach - €842m geallta



- Tithíocht - 2,000 aonad curtha i gcrích faoi mhí na Nollag 2018 agus maoiniú geallta/suíomhanna faighte le haghaidh 10,000 aonad eile
- Eastát Réadach Tráchtála - Baile Átha Cliath & Réigiúnach

- Tionscadal Athnuachana Uirbí Chill Chainnigh

Fuinneamh - €240m geallta



- 1,500MW a chumasú agus táthar ag súil go nginfidh sé seo leictreachas in-athnuaite do bhreis agus 600,000 teach faoi 2030

Infreastruchtúr - €396m geallta



- Rinneadh infheistíocht in infreastruchtúr ríthábhachtach réigiúnach, amhail Calafort Chorcaí agus Údarás Aerfort na Sionnaine mar chuid den Chiste Nascachta
- Tacaíodh le Clár um Fhorbairt Champas DCU

Uisce - €450m geallta



- Tugadh saoráid iasachta d'Uisce Éireann a thacaigh le hinfreastruchtúr uisce a fhorbairt

FMB - €789m geallta



- Tacaíodh le 11 ardán FMB chun dul i ngleic le bearnaí airgeadais maidir le cothromas, fiachas agus caipiteal oibre i margadh FMB in Éirinn

Cothromas Díreach - €238m geallta



- Cuireadh caipiteal fadtéarmach othair ar fáil chun tacú le comhlachtaí fáis in Éirinn atá á dtreorú ag an easpórtáil, lena n-áirítear comhlachtaí bogearraí, cibearshlándála agus feistí leighis

Bia & Talmhaíocht - €206 geallta



- Oibríodh le hearnáil an Bhia & na Talmhaíochta chun réitigh uathúla ar riachtanais infheistíochta agus airgeadais a chruthú, amhail táirge airgeadais Milkflex le haghaidh earnáil na déiríochta
- Réimse infheistíochtaí ar fud na Foraoiseachta, comhlachtaí Bia agus Teicneolaíocht na Talmhaíochta

Caipiteal Fiontair - €622m geallta



- Rinneadh infheistíocht i gcistí VC a thacaíonn le comhlachtaí in Éirinn in earnálacha eolaíochtaí na beatha agus na teicneolaíochta a bhfuil acmhainn idirnáisiúnta scálaithe acu

Nuálaíocht - €136m geallta



- Roinnt infheistíochtaí atá dírithe ar cheannaireacht na hÉireann i leigheas pearsantaithe agus sa ghéanómaíocht a thógáil
- Teicneolaíocht fuaraithe uisce atá neamhdhíobhálach don chomhshaol in ionaid sonraí chun torg carbóin na hearnála a laghdú

Eile - €192m geallta



- Infheistíochtaí san oideachas, seirbhísí airgeadais agus earnálacha eitleíochta

Gach infheistíocht - Toradh Tráchtála agus Tionchar Eacnamaíoch

Athbhreithniú ar Straitéis Infheistíochta CISÉ - an tAire Airgeadais

Mandáid na Bunlíne Dúbailte & Téamaí Tosaíochta

“Tá tionchar CISÉ ar gheilleagar na hÉireann follasach in athbhreithniú CISÉ agus in athbhreithniú mo Roinne féin. Is iontach na héachtaí atá bainte amach ag CISÉ i bhfianaise mhandáid na bunlíne dúbailte maidir le toradh tráchtála agus tionchar eacnamaíoch a ghiniúint.

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt don chaoi a bhfuil sé níos casta toradh tráchtála a bhaint amach mar gheall ar an ráta íseal úis atá ann. Mar sin féin, bhí na torthaí ar infheistíochtaí na hÉireann sa Phunann Lánroghnach suntasach go dtí seo agus bhí rátaí comhinfeistíochta thar an réamhaisnéis agus iad 1.7 uair níos mó ná infheistíocht tosaigh CISÉ.”

“Dar liom go mbeidh ról ríthábhachtach ag CISÉ amach anseo. Tá CISÉ dírithe ar thacú le Tionscadal Éireann 2040, agus go háirithe ar infheistíochtaí sna réimsí seo a leanas: (i) tionscal dúchasach; (ii) forbairt réigiúnach; (iii) earnálacha a bhfuil tionchar ag Brexit orthu; (iv) tionscadail chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus (v) leanúint ar aghaidh le hinfeistíochtaí tithíochta, atá dírithe go príomha ar aonaid mhórmhargaidh chónaithe.

Léirítear go soiléir sna hathbhreithnithe ar CISÉ go bhfuil sé de chumas aige cuspóirí dúshlánacha a bhaint amach.”

Cuspóir Straitéiseach CISÉ 2.0


Níor tháinig aon athrú ar mhandáid na bunlíne dúbailte de chuid CISÉ...

... chun infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach a thacaíonn le gníomhaíocht eacnamaíoch agus le fostaíocht in Éirinn.

*Déanfaidh CISÉ iarracht toradh tráchtála a ghiniúint don Stát san fhadtéarma agus infheistíocht á déanamh aige i réimsí ag a bhfuil tionchar suntasach, buan eacnamaíoch in Éirinn, agus ar an gcaoi sin, **spreagfar cothromaíocht, seasmhacht, caighdeán agus inbhuanaitheacht i ngeilleagar na hÉireann.***

*Tugann cuspóirí Thionscadal Éireann 2040 treoir d'infheistíochtaí CISÉ agus díritear ar **5 Théama Tosaíochta:***

Forbairt Réigiúnach chun fás cothrom eacnamaíoch a spreagadh



Tithíocht



Gnólachtaí Dúchasacha



An tAthrú Aeráide



Earnálacha ar chuir Brexit isteach go diúltach orthu



Tá CISÉ ag athrú méideanna infheistíochta ar aon dul le cúinsí eacnamaíochta

Straitéis Infheistíochta CISÉ 1.0 (2015)

↑
Mhéadaigh CISÉ infheistíocht go dtí €700m p.a. Idir an tús agus 2018...

...fás leanúnach agus cúinsí láidre eacnamaíochta idir an dá linn...

2014

2015

2016

2017

2018

Aistríthe Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CCNP) i dtreo CISÉ 22 Nollaig 2014

Cuir CISÉ €0.6bn le torthaí ar infheistíocht ó bhí 2014 ann

Méid an Chiste

€7.2bn

€8.8bn¹

Straitéis Infheistíochta CISÉ 2.0 (2019)

↓
...Tá CISÉ ag súil lena ráta infheistíochta a laghdú beagáinín faoina mhandáid athbhreithnithe agus dhírithe




€5.3bn¹

+

Coinníodh €3.5bn le haghaidh Tosaíochtaí Rialtais eile (mar a fógraíodh)

- Ciste na Coise Tinne €1.5bn
- Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann (MTTÉ) €750m
- Gníomhaireacht Forbartha Talún €1.25bn



Tá sé d'aidhm ag CISÉ tagarmharc torthaí ar infheistíocht a shárú faoi 2025 agus a bheith in ann díbhinní a íoc leis an Státchiste, mar a scrúdaíodh i reachtaíocht an Chiste (Achtanna GBCN).

¹San fhadtéarma, meán an ráta toraidh atá níos mó ná costas bliantúil úis fhiachas an rialtais a fháil thar 5 bliana. Féach ar **Aguisín 2** chun tuilleadh eolais a fháil ar Thagarmharc GBCN.

Níor tháinig athrú ar Shamhail Oibriúcháin CISÉ

Samhail Oibriúcháin CISÉ

Difreálaithe Margaídh

- ✓ Tréimhse fhadtéarmach
- ✓ Solúbtha, Nuálach & Cruthaitheach
- ✓ Comhpháirtí Dílis Ceannasach le gnólachtaí agus le comhinfeistear

Rialachas

- ✓ Rialachas & Bainistíocht GBCN
- ✓ Neamhspleách

Bainistíocht Punainne


- ✓ Éagsúlú
- ✓ Caipiteal a athchúrsáil chun tionchar a uasmhéadú
- ✓ Infheistear Freagrach

Caipiteal CISÉ a gh iaráil agus comhinfheistíocht tríú páirtí á fáil

CISÉ 1.0:




Díghlasálann caipiteal CISÉ
comhinfheistíocht shuntasach



CISÉ 2.0:

Ba é **2.0x** an chéad sprioc a bhí ag CISÉ agus **tá CISÉ ag iarraidh leibhéil chosúla den chomhinfheistíocht tríú páirtí** a choinneáil amach anseo. Níltear ag súil go gcoinneofar an 2.8x a baineadh amach go dtí seo, ó tharla go bhfuil béim CISÉ á laghdú.

Clár Infheistíochta €3bn 5 Bliana de chuid CISÉ - Dírithe ar Théamaí Tosaíochta



Forbairt Réigiúnach

€500m - €750m d'infheistíocht tráchtála sna Réigiúin

Cás infheistíochta: Tá ró-chomhchruinniú daonra, tithe agus post i mBaile Átha Cliath. Tá cathracha amhail Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge ag fás ach níl siad ag fás ar an luas nó ar an scála a theastaíonn chun feidhmiú mar roghanna réadúla eile ar Bhaile Átha Cliath (foinse: an Creat Náisiúnta Pleanála).



Tithíocht

25,000 teach faoi 2025

Cás infheistíochta: In ainneoin an mhéadaithe ar leibhéil ghníomhaíochta, tá bearnaí suntasacha caipitil fós le feiceáil i margadh na tithíochta. Díreoidh CISÉ ar chodanna de struchtúr an chaipitil ina bhfuil bearnaí airgeadais.



Gnólachtaí Dúchasacha

Tacaíocht agus scála >100 gnólacht thar 5 bliana

Cás infheistíochta: Ní dhearnadh mórán scálaithe ar ghnólachtaí dúchasacha le 10 mbliana anuas. Is féidir le CISÉ cabhrú leis an gcéad rabharta eile de ghnólachtaí mórsála a fhorbairt in Éirinn a bheidh san iomaíocht go hidirnáisiúnta.



Aeráid

Infheistíochtaí chun laghdú suntasach carbóin a bhaint amach

Cás infheistíochta: Teastaíonn dul chun cinn mór sa réimse seo le go mbainfidh Éire spriocanna an AE maidir le fuinneamh in-athnuaite amach faoin mbliain 2030.



Brexit

Infheistíocht tráchtála chun éagsúlú fadtéarmach táirge agus margaidh a chumasú

Cás infheistíochta: Seasmhacht fhardtéarmach na ngnólachtaí in Éirinn a fheabhsú, trí éagsúlú margaidh agus táirge go príomha agus iad ag ullmhú don tréimhse i ndiaidh Brexit.



Tionscnaimh Náisiúnta

Infheistíochtaí suntasacha ag a bhfuil tionchar mór

Cás infheistíochta: Solúbthacht maidir le (I) infheistíochtaí suntasacha ag a bhfuil tionchar mór atá an-láidir ag leibhéal náisiúnta agus nach mbaineann leis na Téamaí Tosaíochta, agus (II) infheistíocht a dhéanamh sa chuid den Phunann Nascachta de chuid CISÉ atá fágtha.




Forbairt Réigiúnach

€500m - €750m clár réigiúnach, tráchtála infheistíochta

- ✓ Díríofar i straitéis CISÉ ar infheistíochtaí a dhéanamh a chumasóidh na réigiúin, rud a chinnteoidh go gcónóidh agus go n-oibreoidh daoine sna háiteanna cearta agus a dhaingneoidh seasmhacht i ngnólaíochtaí sna réigiúin.
- ✓ Ailínithe le Tionscadal Éireann 2040
3 réigiún (Tuaisceart agus Iarthar, Oirthear agus Lár na Tíre, Deisceart)
- ✓ 4 chathair (Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Port Láirge)
- ✓ Rudaí a chumasú trí athnuachan uirbeach, tithíocht, eastát réadach tráchtála, agus infreastruchtúr nascachta (m.sh. infreastruchtúr iompair).
- ✓ An acmhainn chun comhoibriú agus gníomhaíochtaí bailithe a neartú tuilleadh sna réigiúin, fiontair eachtracha agus Éireannacha san áireamh - déanfaidh CISÉ iarracht infheistíocht dhíreach eachtrach (IDE) a mhealladh agus a chur chun cinn sna réigiúin.
- ✓ Déanfaidh CISÉ infheistíocht sa gheilleagar tuaithe trí infheistíochtaí bia agus talmhaíochta go príomha.

Straitéis Réigiúnach CISÉ



Beidh comhpháirtíochtaí rithábhachtach sna réigiúin - bhunaigh CISÉ comhpháirtíochtaí réigiúnacha trí infheistíochtaí amhail Calafort Chorcaí agus Athnuachan Uirbeach Chill Chainnigh, agus déanfaidh sé iarracht an múnla seo a chur i bhfeidhm ar fud na réigiún. Rachaidh CISÉ i dteagmháil le comhlachtaí agus le húdaráis réigiúnacha agus beidh meas acu ar na straitéisí réigiúnacha reatha.




Tithíocht

25,000 teach faoi 2025

- ✓ Tá bearna chaipitil fós le feiceáil in ainneoin an mhéadaithe a tháinig ar leibhéil ghníomhaíochta le gairid. Tá CISE dírithe ar chodanna de struchtúr an chaipitil ina bhfuil bearnaí airgeadais, go háirithe cothromas forbartha.
- ✓ **Giarálann agus stiúran CISE caipiteal tráchtála ina infheistíochtaí cónaithe** - is ionann iolraí na comhinfeistíochta cónaithe agus 3.1x go dtí seo, **dhíghlasáil tiomantais €776m CISE €2.4bn** i dtiomantais iomláine tithíochta (meastachán coimeádach ar an 31 Nollaig 2018).
- ✓ **Tá CISE dírithe ar thithe tosaigh agus ar aonaid mhórmhargaidh a chur ar fáil** - tá formhór thithíocht CISE a tógadh go dtí seo sna hearnálacha seo.
- ✓ Beidh CISE ag súil le hinfeistíocht a dhéanamh i dtithíocht shóisialta agus inacmhainne de réir mhandáid na bunlíne dúbailte.
- ✓ **Straitéis: caipiteal CISE a chur i bhfeidhm chun bearnaí a líonadh**
 1. Talamh a dhíghlasáil
 2. Foirgneamh ar díol
 3. Cíos fadtéarmach

Straitéis Tithíochta CISE





Gnólachtaí Dúchasacha

Tacú le 100 gnólacht dúchasach a scálú

- ✓ Déanfaidh CISE infheistíocht €1bn, go díreach agus trí chistí, i 100 gnólacht dúchasach a scálú thar 5 bliana, rud a chabhróidh leis **an gcéad rabharta eile de ghnólachtaí mórsála a fhorbairt a bheidh san iomaíocht go hidirnáisiúnta.**
- ✓ Bainfidh CISE úsáid as ardáin (cothromas & soláthraithe eile fiachais) chun rochtain a fháil ar infheistíochtaí mionscála agus ar infheistíochtaí ina bhfuil saineolas ar an earnáil/táirge riachtanach – ag tacú le hearnálacha traidisiúnta agus le hearnálacha nuálacha.
- ✓ Díreofar i bhfiontar agus in infheistíochtaí óga CISE ar bhuíon iarrthóirí de chomhlachtaí a fhorbairt ina bhféadfaí caipiteal méadaithe a infheistiú.
- ✓ **Méadóidh CISE infheistíocht dhíreach** i ngnólachtaí dúchasacha (fiachas & cothromas) agus díreofar go háirithe ar chothromas díreach chun cur i gcoinne an scálaithe nach ndearnadh ar ghnólachtaí dúchasacha le 10 mbliana anuas.
- ✓ Déanfaidh CISE infheistíocht i réimse leathan earnálacha - Bia & Talmhaíocht, Teicneolaíocht agus Sláinte go háirithe.


Straitéis CISE maidir le Gnólachtaí Dúchasacha

Bheith san iomaíocht go hidirnáisiúnta

→ Déanfaidh CISE infheistíocht dhíreach le haghaidh suimeanna níos mó (comhlachtaí fáis meánsála de ghnáth)

&

→ Úsáid a bhaint as ardáin chun an tionchar ar FMBanna atá lonnaithe in Éirinn a uasmhéadú (mionscála de ghnáth)






Aeráid

Dícharbónú - laghdú, maolú agus éifeachtúlacht

- ✓ Beidh CISE ag súil le cabhrú le spriocanna an AE maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach faoin mbliain 2030 ach infheistíochtaí a dhéanamh a laghdóidh carbón go mór.
- ✓ Rinne CISE infheistíocht i réimsí ina raibh réimis tacaíochta um margaí Stáit nó roinnt infheictheachta ar réimis tacaíochta um margaí Stáit. Ach rochtain a fháil ar réimis nua tacaíochta Stáit, d'fhéadfaí domhan na hinfeistíochta a leathnú go mór.
- ✓ Sa ghearrthéarma, leanfaidh CISE ar aghaidh agus infheistíocht ghníomhach á déanamh aige i leictreachas in-athnuaite. Faoi réir infhaighteacht na ndeiseanna i dtaca le hinfeistíocht tráchtála, beidh CISE ag súil le hinfeistíocht a dhéanamh i leictreachas in-athnuaite, iompar in-athnuaite, teas in-athnuaite agus earnáil an bhia agus na talmhaíochta.
- ✓ Seo a leanas roinnt deiseanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn:
 1. Leictreachas In-athnuaite – aistriú ó ghiniúint cumhachta bunaithe ar bhreoslaí iontaise chuig leictreachas in-athnuaite (gaoth, gréine, bithfhuinneamh agus infreastruchtúr chun tacú le treá méadaithe foinsí in-athnuaite fuinnimh)
 2. Iompar In-athnuaite – feithiclí leictreacha agus infreastruchtúr feithiclí leictreacha
 3. Earnáil an Bhia & na Talmhaíochta – foraoiseacht, díleáiteoirí anaeróbacha, teicneolaíocht na talmhaíochta agus fuinneamh in-athnuaite le haghaidh earnáil an bhia & na talmhaíochta
 4. Teas In-athnuaite – tionscadail bhithgháis, téamh ceantair, éifeachtúlacht fuinnimh agus teicneolaíocht ghlan
- ✓ Déanfaidh CISE tomhas agus monatóireacht ar charbón nuair is féidir ar fud a phunainne iomláine.

Straitéis Aeráide CISE





Brexit*

Infheistíocht tráchtála chun éagsúlú agus seasmhacht fhadtéarmach na ngnólachtaí in Éirinn ag a bhfuil neamhchosaintí suntasacha ar an Ríocht Aontaithe a chumasú



Straitéisí Brexit le haghaidh gnólachtaí faoi bhagairt:

- Státchiste/Gníomhaireachtaí: Tacaíocht ghearrthéarmach airgeadais.
- **CISÉ: Infheistíocht fhadtéarmach in éagsúlú margaidh agus táirge.**



Táthar ag súil go dtacóidh infheistíocht tráchtála CISÉ le pleananna fadtéarmacha gnólachtaí chun infheistíocht a dhéanamh in éagsúlú margaidh agus in éagsúlú táirge trí nuálaíocht agus trí mhaoiniú le haghaidh gnólachtaí nach féidir fás mar gheall ar neamhchosaintí margaidh ar an Ríocht Aontaithe.




D'fhéadfadh Éire tairbhe a bhaint as IDE a easáitíodh – cuirfidh CISÉ infheistíocht tráchtála ar fáil do IDE a bheidh lonnaithe sna réigiúin.

Straitéis Brexit CISÉ

1. Infheisteoidh CISÉ caipiteal nua (cothromas agus fiachas) i ngnólachtaí nach dteastaíonn uathu infheistíocht a dhéanamh i mbonn custaiméirí sa Ríocht Aontaithe a thuilleadh ach ar mhaith leo infheistiú i bhforbairt margai nua agus táirgí nua.

Cuirfidh taighde láidir agus pleananna nuálaíochta taca faoi infheistíochtaí.


2. Déanfaidh CISÉ infheistíocht i nascacht fhisiciúil a thacóidh le héagsúlú amach ó bhfeidh á dáileacháin atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe.



Cuireann CISÉ le Tionscnaimh/Gníomhaireachtaí & Polasaithe eile Rialtais

Tugtar aird i straitéis fhoriomlán agus i straitéisí earnála CISÉ ar pholasaithe ábhartha Rialtais. Déanann CISÉ teagmháil rialta le Fiontraíocht Éireann, an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT) agus Ranna ábhartha Rialtais lena chinntiú go gcuirtear CISÉ ar an eolas faoi fhorbairtí margaidh, agus forbróidh CISÉ caidrimh den chineál céanna de réir mar is gá le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Forbartha Talún agus MTTÉ.

Caidreamh le Gníomhaireachtaí



&


Ailínithe le Polasaithe an Rialtais



Tabharfaidh CISÉ aird ar leibheál foriomlán rannpháirtíochta an Stáit i ngach infheistíocht agus pléifidh sé go háirithe oiriúnacht infheistíocht CISÉ, má dhéantar in éineacht le fóirdheontas/deontais shuntasacha Stait í.

Méadaíonn riachtanais an Tionchair Eacnamaíoch riosca airgeadais an Chiste

*Díriú ar shócmhainní níos ardriosca chun
Tionchar Eacnamaíoch a uasmhéadú*



Tá uirlisí Bainistíochta Punainne ag CISÉ chun riosca a bhainistiú...bíonn infheistíochtaí CISÉ gan cosaint ar eacnamaíocht na hÉireann, áfach, agus táthar ag súil le hinfeistíochtaí móra in earnálacha agus i gcineálacha sócmhainne áirithe



Creat um Éagsúlú Punainne (earnálacha, scóir riosca agus cineálacha tionchair eacnamaíoch)



Anailís Uile-Aimsire/straitéis maidir le punann a dhearadh




Infheistíocht Fhreagrach: Tosca Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais a chomhtháthú



Punann Domhanda a Dhearadh

Clár Infheistíochta €3bn thar 5 bliana

Tá CISE fós ag iarraidh tionchar an chiste níos lú atá fágtha a uasmhéadú ach tionchar a ghíaráil trí chomhinfeistíocht, agus tá infheistíocht trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha fós ina príomhchuspóir aige.




Nótaí:

1. Cinnteoidh riachtanas an tionchair eacnamaíoch chun breisíocht a chur ar fáil agus marbhualach airgeadais a sheachaint nach spreagfaidh CISE róbhorradh i ngeilleagar na hÉireann.
2. Is dócha go gcuirfear clár um Fhorbairt Réigiúnach thar 7-10 mbliana. Tá uaillmhian mhór ag CISE le haghaidh na réigiún, áfach, agus tá uimhir réigiúnach níos mó á cur i réamh-mheastacháin lárnacha dá bharr sin.
3. Bíonn go leor i gcomhar le roinnt infheistíochtaí agus sásaíonn siad dhá Théama Tosaíochta nó níos mó.




Aguisíní

Aguisín 1: Méid/Spás Cloiginn an Chiste agus Clár Infheistíochta



Tabhair faoi deara: Ón 31 Nollaig 2018, réamhfhigiúirí nach ndearnadh iniúchadh orthu



Aguisín 2: Tagarmharc CISÉ


- Mar a luadh in Acht GBCN (Leasú) 2014, teastaíonn an Ciste (ina iomláine) chun meán an ráta toraidh atá níos mó ná costas bliantúil úis fhiachas ginearálta an rialtais a fháil thar 5 bliana **san fhadtéarma**.
- Tá CISÉ ag ullmhú do mheánchostas rollach fiachais de 5 bliana. Mar a luaitear i Straitéis Infheistíochta CISÉ 2015, ríomhfaidh CISÉ an costas bliantúil fiachais ón tús go dtí 2019 agus ag an bpointe sin, bogfaidh an CISÉ go dtí meán rollach 5 bliana.
- Níor tháinig athrú ar an gcorrlach 40bps ó Straitéis Infheistíochta 2015.

	Costas Fiachais ¹		corrlach	Tagarmharc CISÉ
	Bliantúil	Meán ón tús		
2015 (A)	3.37%	3.37%	0.40%	3.77%
2016 (A)	3.06%	3.21%	0.40%	3.61%
2017 (A)	2.89%	3.11%	0.40%	3.51%
2018 (F)	2.63%	2.99%	0.40%	3.39%
Bliantúlaithe Ón tús(F)				<u>3.57%</u>

Tabhair faoi deara: Ón 31 Nollaig 2018, réamhfhigiúirí nach ndearnadh iniúchadh orthu

¹Tá sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh mar bhonn eolais ag Costas an Fhiachais a chuir Aonad Eacnamaíochta GBCN ar fáil, agus tá réamh-mheastacháin a chuir an Roinn Airgeadais ar fáil mar bhonn eolais ag réamhaisnéis 2018.

Aguisín 3: Beidh CISE sa bhreis ar fhoinsí reatha margaidh, agus tabharfar tacaíocht do chomhlachtaí i rith a saolré



Teagmhálaithe

Eugene O'Callaghan

Stiúrthóir

T +353 1 238 4066

R eocallaghan@ntma.ie

Fergal McAleavey

Stiúrthóir Infheistíochta Sinsearach

*Cothromas Príobháideach &
Caipiteal Fiontair*

T +353 1 238 4432

R fergal.mcaleavey@ntma.ie

Saoirse O' Connor

Stiúrthóir Infheistíochta

Monatóireacht ar Phunann

T +353 1 238 5063

R saoirse.oconnor@ntma.ie

Kieran Bristow

Stiúrthóir Infheistíochta

Sinsearach

*Straitéis Infheistíochta & Tithíocht
Chónaithe*

T +353 1 238 5058

R kieran.bristow@ntma.ie

Donal Murphy

Stiúrthóir Infheistíochta

Sinsearach Infheistíochtaí

Infreastruchtúir

T +353 1 238 4934

R donal.murphy@ntma.ie

Mikael Langstrom

Stiúrthóir Infheistíochta

Anailísíocht Riosca & Phunainne

T +353 1 238 4231

R mlangstrom@ntma.ie

Cathal Fitzgerald

Stiúrthóir Infheistíochta Sinsearach

Bia & Talmhaíocht

T + 353 1 238 5017

R cathal.fitzgerald@ntma.ie

Paul Saunders

Stiúrthóir Infheistíochta Sinsearach

Nuálaíocht

T +353 1 238 5049

R paul.saunders@ntma.ie

info@isif.ie



www.isif.ie



@ntma_ie



LinkedIn





Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta National Treasury Management Agency

Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn
Ireland Strategic Investment Fund